Having trouble viewing this email? View it in your browser

A chairde.
Tá scrúduithe Sheimeastar 1 ag teannadh linn go tréan. Léigh leat chun eolas agus dátaí tábhachtacha a fháil faoi do chlár ama scrúduithe.

Ullmhúchán do na Scrúduithe.

Amchlár Seiceáil do Amchlár

Modúil Seiceáil do Churaclam

- Bí cinnte faoi na modúil sin a bhfuil scrúdú le déanamh agat iontu.
- Seiceáil amchlár do scrúduithe – má tá gach ceann de do chuid modúl ann, lean ort leis an ullmhúchán!

Modúil ar Iarraidh

Tá Scrúdú ar iarraidh ó d'amchlár – ach tá tú cláraithe

- cinntigh go bhfuil scrúdú le déanamh sa mhodúl sin,
- deimhnigh go bhfuil tú cláraithe don mhodúl i gceart,

Déan teagmháil le Deasc Chabhrach Chlárlann na Mac Léinn

(askregistry@nuigalway.ie) agus cláraigh faoi Iontráil Dheireanach don Scrúdú seo.

Tá Scrúdú ar iarraidh ó d'amchlár – ach ní cheapann tú go bhfuil tú cláraithe.

- Mura bhfuil tú cláraithe do mhodúl ach má tú ag déanamh staidéir air, agus má tá scrúdú le suí...
- Ní mór duit clárú don mhodúl go práinneach.

1. **Déan teagmháil** le hOifig do Choláiste nó do Scoile agus déarfar le Reghelp thú a chlárú don mhodúl.

2. A luaithe is a chuirtear an modúl le do churaclam, déan teagmháil le Deasc Chabhrach Chlárlann na Mac Léinn (askregistry@nuigalway.ie) chun clárú faoi 'Iontráil Dheireanach don Scrúdú'.

Tá Scrúdú ar d'amchlár – ach níl staidéar á dhéanamh agat ar an ábhar sin agus tá tú cláraithe don mhodúl.

- Ní mór duit díchlárú ón scrúdú

1. **Déan teagmháil** le hOifig do Choláiste nó do Scoile agus déarfar le Reghelp thú a dhíchlárú ón modúl.

2. Seiceáil do churaclam le cinntiú go bhfuil an modúl bainte.

Tá Scrúdú ar d'amchlár – ach níl staidéar á dhéanamh agat ar an ábhar sin agus níl tú cláraithe don mhodúl.

- Ní gá duit aon rud a dhéanamh.

ULLMHÚ

Struchtúr

Bíodh plean agat chun struchtúr a thabhairt do do sheisiún scrúdaithe, bíodh do dhátaí agus do spriocdhátaí ar eolas agat.

Spás Staidéir

Socraigh spás cuí do scrúduithe sa bhaile/i do sheomra: Cinntigh go bhfuil dóthain spáis réitithe agat do do scrúduithe ar líne.



Ríomhaire

Cinntigh go bhfuil na bogearraí cearta suiteáilte ar do ríomhaire/ríomhaire glúine e.g. Microsoft Office Word nó Excel.

Cinntigh go bhfuil ríomhaire glúine/ríomhaire atá ag feidhmiú i gceart agat, agus go bhfuil tú in ann brath ar do nasc idirlín..

Seisiún Tástála & Pasfhocal

Réitigh seisiún tástála don scrúdú, más féidir; bíodh na nósanna imeachta a bheidh i gceist ar eolas agat, priontáil, clóscríbhneoireacht, doiciméid lámhscríofa scanta etc.

Cinntigh go bhfuil pasfhocal ar bith a bheidh de dhíth ar eolas agat.

Bíodh a fhios agat cé leis a bhfuil teagmháil le déanamh sa chás go bhfuil fadhb le doiciméid a uaslódáil.

Bíodh na treoirlínte ar eolas agat! Cinntigh go bhfuil na treoirlínte ar eolas agat, mar aon le leagan amach an scrúduithe; tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios agat cén fhad atá agat chun an scrúdú a dhéanamh!

Má tá tú cláraithe leis an **tSeirbhís Tacaíochta Míchumais**, cinntigh go bhfuil do Chomhordaitheoir Modúil ar an eolas faoi na socruithe atá de dhíth ort don scrúdú, agus go bhfuil aon bhogearraí breise a bheidh in úsáid agat do do scrúduithe ar líne íoslódáilte agat, agus tástáil déanta orthu.

Lá an Scrúduithe

Bí ullamh do na rudaí sin a d'fhéadfadh cur isteach ort i rith do scrúduithe, abair le baill do theaghlaigh nó leo siúd a bhfuil tú i do chónaí leo go bhfuil scrúdú ar líne agat agus iarr orthu gan seirbhísí a úsáid a dhéanann éileamh ard ar bhandaleithead i rith na tréimhse sin.

Cinntigh go bhfuil luchtú iomlán ag do ríomhaire glúine, go bhfuil sé plugáilte isteach agus go bhfuil an cábla cumhachta stóráilte go sábháilte.
Coinnigh do spás staidéir/an spás don scrúdú glan agus néata, go mór mór roimh an scrúdú.

Bíodh ite agus ólta agat roimh an scrúdú, bíodh buidéal uisce in aice láimhe agat i rith an scrúdaithe agus bíodh an claibín air chun nach ndoirtfidh sé.

Bíodh clog nó uaireadóir agat, seachas do fón, in áit atá sofheicthe chun go mbeidh a fhios agat an méid ama atá fágtha agat chun an scrúdú a chríochnú.
Sa chás go gceadaítear earraí breise, cosúil le háireamháin nó foclóirí, bídís sin in aice láimhe chomh maith.

Bíodh a fhios agat cé leis/léi a dhéanfaidh tú teagmháil sa chás go bhfuil fadhb agat logáil isteach, leis an scrúdú féin nó an scrúdú a uaslódáil, agus bíodh an modh teagmhála is fearr leo ar eolas agat.

Bíodh d'uimhir aitheantais mac léinn agus do phasfhocail in aice láimhe.

Bíodh sonraí teagmhála do léachtóra in aice láimhe.

TABHAIR AIRE DUIT FÉIN.

Déan iarracht a bheith ar do shuaimhneas, tá an obair déanta, tá tú réidh chun an scrúdú a dhéanamh.

Déan iarracht do scíth a ligean sa tréimhse roimh na scrúduithe, agus i rith na scrúduithe.

Bí i dteagmháil le do chomhscoláirí.

DÁTAÍ SEIMEASTAIR

Useful Contact Information

College of Arts, Social Sciences & Celtic Studies	091-493954	www.nuigalway.ie/arts
J.E Cairnes School of Business & Economics	091-492612	www.nuigalway.ie/commerce
School of Law	091-492389	www.nuigalway.ie/business-public-policy-law
College of Science & Engineering	091-492182	www.nuigalway.ie/science-engineering/
College of Medicine, Nursing & Health Sciences	091-544475	

www.nuigalway.ie/colleges/medicine-nursing-and-health-sciences

School of Nursing and Midwifery	091-493432 www.nuigalway.ie/nursing.midwifery
Fees Office	091-492386 www.nuigalway.ie/student_fees